

SEÁN MHAC SÉAMUIS

Cailleadh duine uasal agus faoi cheann míosa thug sé é féin le taisbeánadh dá athair go bhfuighfeadh sé cainteoir maith d'easgainí dalba mhaithe de bhean óg.

Fuaidh agus fuair inghean baintreabhaighe leis na heasgainí a dhéanamh. Chuaidh sí go dtí an bhrúighean agus thug sí léi brat a raibh pictiúir chuile éan ann. Sgar sí an brat os cionn cloiche agus rinne sí poll faoi'n gcloich agus chuaigh sí fein faoin gcloich sa bpoll.

An chéad easgaine a rinne sí

An gleann seo ann ar dhéanadh mo dhíoláil
Nár fhása sgoth barrach ná lín ann
Go raibh dortadh fola i ndoras gach aon tighe
Mara gcuiridh sibh amach a'm Seán 'ac Séamuis
Mar sé mo léan creach a bheith dhá éaghnadh.

Thainig máighistreás na bruighne amach agus chaith sí saghad leis an mbrat. Shíl sí go raibh an cailín istigh faoin mbrat.

Sgoith feasta agus bí réidh leis (sín éisteacht)
Tá Caitlín Óg Ó Boirtéil torach ó athrú aréir uaidh
Go mba shin é féin an t-abhras céasta
Abhras na haistre i mBruach an tSléibhe
An t-abhras nár rugadh agus ní bhéarfai
(Sé an chaoi a bpléasgfaidh sí)
Mara gcuiridh sibh amach Seán 'ac Séamuis
Sé mo léan creach a bheith dá éaghnadh

Chaith an mháigistreás dhá shaghad annsin aríst léithe. Nuair a thosaigh an cailín ag easgaine uirthi an dara bobhta:

Ó a chaile tóg díom do chuid easgaine agus tiocfaidh sé amach agat agus fáilte.

Tháinig, agus rug sé ar láimh uirthi agus phós sé í.

Fionnbheara Mheá, bhéarsaí ag Gabhán agus fonn leis.

(Donnchadh Ó Donnchadha a tháinig as Cartúr na n-Óg)

ll 1-7 ón nGábhanach

I dteach cúirte Doire an Fhéidh 28/7/31

Padraic Mac Donnchadha(Liam)

An Coillín, Carna